Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Samhain 2023
(OR. en)

14968/23

LIMITE

PECHE 486

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0359(NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 a mhéid a bhaineann le stoic éisc dhomhainfharraige<br>- Cur i láthair ón gCoimisiún<br>- Malartú tuairimí |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 43(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle an 25 Deireadh Fómhair 2023[1]. Is é is aidhm don togra deiseanna iascaireachta a shocrú san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh le haghaidh 2024, agus i gcásanna áirithe le haghaidh 2025 agus 2026 i gcás na stoc sin ina bhfuil comhairle eolaíoch ar fáil le haghaidh na tréimhse sin, agus cumhdaítear an méid seo a leanas leis:

– stoic uathrialacha an Aontais;

– stoic chomhroinnte a bhainistítear go déthaobhach nó go tríthaobhach leis an Ríocht Aontaithe agus/nó leis an Iorua, nó a bhí faoi réir comhairliúchán le stáit chósta an Choimisiúin um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh;

– deiseanna iascaireachta faoi chomhaontuithe ar thángthas orthu faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna); agus

[1] 14720/23 + ADD 1 + ADD 2

– deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí tíortha nach bhfuil san Aontas.

2. Meastar go gcomhlánóidh páipéir leathoifigiúla bhreise ón gCoimisiún an togra in am trátha.

3. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um an mBeartas Iascaigh an togra a bhí ag an gcruinniú fíorúil a bhí aici an 31 Deireadh Fómhair. Chuir toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach.

4. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte curtha isteach ag DK.

5. D'athdhearbhaigh na toscaireachtaí tionchar na gcomhairliúchán iascaigh le tríú páirtithe, eadhon leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua, agus na comhairliúcháin thríthaobhacha idir an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua. Rinneadh tagairt i roinnt barúlacha don ghá atá le cothrom iomaíochta a áirithiú le tríú tíortha.

6. Iarrtar ar an gComhairle an cur i láthair ón gCoimisiún a thabhairt dá haire agus tuairimí a mhalartú maidir leis an ábhar sin.

PUBLIC